



Seachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025

# Scoileanna Caitliceacha: Beo i gCríost

19–25 Eanáir 2025

An Luan: Saol Iomlán Beo i Measc  
Phobal na gCarad





Tá súil againn go mbainfidh sibh úsáid as acmhainn Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha 2025. Tá rogha mhaith ábhair anseo, agus gníomhaíochtaí molta chomh maith, níos mó anseo ná mar a bheadh in úsáid agaibh, ach rinneamar gach iarracht réimse leathan ábhair a chur ar fáil.

## Réamhrá

‘Is grásta ó Dhia agus ceann de bhuanna móra an tsaoil é an cairdeas. Is trí na cairde a chuireann Dia slacht orainn, agus a threoraíonn chun na haibíochta muid. Is iad na cairde maithe a sheasann linn in am an gháitar a thugann léargas ar ghrá Dé dúinn, agus ar an tionchar láth comhbhách a bhíonn aige ar ár saol. Múineann an cairdeas dúinn a bheith oscailte, tuisceanach agus comhbhách i leith an duine eile, ár leithleachas féin a chur dínn, agus roinnt a dhéanamh le daoine eile. Dá bhrí sin, “Níl malairt chuí le fáil ar chara dílis, ní féidir a luach a mheas” (Síorach 6:15).’ (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 15)

## Gníomhaíochtaí Molta

- Bileog Oibre 1, ar fáil thíos (lth.5).
- Bileog Oibre 2, ar fáil thíos (lth.6).
- Eagraigh seirbhís urnaí gearr, nó tráth urnaí mar atá thíos (lth.4).
- Bain úsáid as an PowerPoint a théann leis an acmhainn seo.
- Larr ar na daltaí nótaí Post-It a chur ar chlár urnaí nó ar bhallaí an tseomra ranga. D’fhéadfai, ‘Iarraim inniu \_\_\_\_\_ (m.sh. an dóchas, an tsiocháin, an chrógacht 7rl.) a scríobh.
- Déan grúpaí beaga de na daltaí. Tabhair gné amháin de Christus Vivit dóibh le plé – an dóchas, an muintearas, an glao pearsanta.
- Larr ar na daltaí póstaer a chruthú le focail is pictiúir air a chiallaíonn ‘Beo i gCríost = Freastal ar an Duine Eile’. Scríobh na bealaí ina mbímid ag freastal ar an duine eile ar scoil, sa bhaile, i measc an phobail.
- Larr ar na daltaí ceol a lua a chuireann an dóchas/lúcháir in iúl. Seinn an ceol seo mar chúlra nuair a bhíonn na póstaer á ullmhú. Sula gcuirtear deireadh leis an rang, déan machnamh faoi atmaisféar an ranga, conas mar a mhothaigh na daltaí, an rabhadar sásta, an raibh obair mhaith déanta. Mínigh dóibh go gcabhraíonn an t-atmaisféar seo le dea-thoil a chruthú i rith Sheachtain na Scoileanna Caitliceacha ionas go méadófar ar fholláine na scoláirí maidir le bheith beo i gCríost.
- Smaoinigh-Péireáil-Roinn: Cad is brí leis, go mbíonn Críost beo?
- Roinn na daltaí i ngatópaí beaga 3/4 agus iarr orthu, ‘Conas mar is féidir linn ár gcuid lúcháire a roinnt leis an duine eile?’ Scríobh liosta de na bealaí ina mbíonn taithí againne ar a leithéid lenár gcairde féin.

## Acmhainn Ceoil

Moltar seinnliosta ar théama an chairdis le húsáid i rith an ranga:

<https://open.spotify.com/playlist/7eqFpiyU5gqG4hjpXqkQWb>.



## Machnamh mar Chonclúid

### Cairde Íosa

Ba mhaith an rud é dá dtuigfimis na tuairimí a bhí ag Íosa faoin gcairdeas. Nuair a bhí sé ag druidim le deireadh a shaol ar domhan, ba ghnách leis cuid mhaith ama a chaitheamh in éineacht lena chara Lazaras, agus le deirfiúracha Lazaras chomh maith. B'fhéidir gur lorg sé a gcuid tacaíochta agus a gcuid grá leis an neart a fháil, aghaidh a thabhairt ar an gcuid ba dheacra dá shaol ar domhan.

Deir an diagaire Iodálach Ermes Ronchi gur féidir linn cuid de chroí na beatha diaga a thuisceint tríd an gcairdeas a bhíonn againn leis an duine eile. Is bealach iontach é le láithreacht Dé a mhothú, má bhímid cairdiúil agus i dteannta chairde Dé.

‘Ní fiú Dia a lorg in aon áit taobh amuigh den eiseadh daonna. Bíonn Dia i láthair i gcroílár na beatha, motháímid a láithreacht lenár gcéadfaí, agus mar sin tríd an teaghmháil a dhéanaimid lenár gcairde freisin.’

Más mar sin atá an scéal, baineann tábhacht nach beag le cairdeas a dhéanamh inár saol féin. Ba cheart dúinn an cairdeas a chothú agus meas a bheith againn ar na cairde, agus muid ullamh le cairdeas nua a dhéanamh.

Má bhíonn cairde uainn, caithimid an chéad chéim a ghlacadh le cairdeas a dhéanamh. Sin an áit ina gcuirtear tú leis.

(le Nancy O'Donnell, Psy.D., iris *Living City*, Márta 2022)





# Seirbhís Urnaí/Tráth Urnaí

## Sliocht

‘Mar bhaill na hEaglaise, ní ceart dúinn seasamh i leataobh ó dhaoine eile. Ba cheart go mbeadh meas ag cách orainn mar chairde is mar chomharsana, mar a bhí ag na haspail, “agus bhí gnaoi an phobail orthu” (Gn. 2:47; cf. 4:21, 33; 5:13). Ba cheart go mbeadh an dánacht ionainne, mar sin féin, a bheith éagsúil ó thaobh na hidéil osnádúrtha; áilleacht na flaitiúlachta, an mhaithiúnais, an fhreastail, an ghlaine, na dílseachta, na buanseasmhachta, na hurnaí a chur i láir an aonaigh, agus an glao pearsanta a fhreagairt, an leas coiteann a lorg, agus tóraíocht an cheartais, an grá i leith na mbochtán agus an cairdeas sóisialta a chleachtadh inár saol féin.’ (An Pápa Proinsias, *Christus Vivit*, 36)



## Urnaí

A Spioraid Naoimh, chuir do ghrásta suaimhneach anuas orainnanois, agus cuir an ruaig ar aon mhíshuaimhneas atá orainn. **Amen.**

A Thiarna, bain gach aon bhuaireart díom, ionas go mbeidh suaimhneas intinne orm. Deonaigh go mbeidh gach aon iontaoibh agam as do láithreacht is do láidreacht, ionas go rachaidh aon ábhar imní atá ionam i léig, agus go mbeidh rath ar an ngrá i mo shaol. **Amen.**

## Ceol Machnamhach

Cuir tráth ciúin machnamhach ar fáil.

Seinn ‘What a Friend We Have in Jesus’ le Chris Rice:

<https://open.spotify.com/track/3ZM93obTrc8ouuxBXOpQ7g>

## Sliocht ó na Scriptúir

Sliocht ó na Saiml (16:11):

‘Taispeánpaidh tú slí na beatha dom, tá lúcháir go fial i do láthair, agus aoibhneas ar do dheasláimh go brách.’

Sliocht as an Soiscéal de réir Naomh Eoin (10:10):

‘Tháinig mise chun go mbeadh an bheatha acu agus go mbeadh sí acu go fial.’

## Ceol Machnamhach

Cuir tráth ciúin ar fáil agus ceol machnamhach uirlise ar siúl.

Mar chríoch seinn ‘Journey to Your Heart’ leis an tSr. Marie Dunne CHF:

<https://open.spotify.com/track/71L1oAPXDDACAT3MBjokeu>



# Bileog Oibre 1

Léigh an sliocht agus freagair na ceisteanna.

Ba mhaith an rud é dá dtuigfimis na tuairimí a bhí ag Íosa faoin gcairdeas. Nuair a bhí sé ag druidim le deireadh a shaol ar domhan, ba ghnách leis cuid mhaith ama a chaitheamh in éineacht lena chara Lazaras, agus le deirfiúracha Lazaras chomh maith. B'fhéidir gur lorg sé a gcuid tacaíochta agus a gcuid grá leis an neart a fháil aghaidh a thabhairt ar an gcuid ba dheacra dá shaol ar domhan.

(le Nancy O'Donnell, Psy.D., iris *Living City*, Márta 2022)

1. Cén tábhacht a bhaineann leis an gcairdeas, i do thuairim féin?

---

---

---

---

2. Conas mar a chabhródh sé linne, an tábhacht a thug Íosa don chairdeas a thuisceint?

---

---

---

---

3. Conas mar a chabhraíonn an cairdeas lenár bhfolláine féin?

---

---

---

---

4. Conas mar a chabhraíonn an cairdeas linne saol níos iomláine a chaitheamh?

---

---

---

---



## Bileog Oibre 2

Éist le 'Count on Me' le Bruno Mars agus freagair na ceisteanna ansin:

<https://open.spotify.com/track/3B5UbSndRz9o7lZhhmUfLi>

- I do thuairim féin, cad a deir an t-amhrán faoin gcairdeas?

---

---

---

---

- Cén meas atá agat féin ar an gcairdeas?

---

---

---

---

- Conas mar a chuireann an cairdeas le d'fholláine féin, agus le folláine na gcarad?

---

---

---

---

- Ba mhaith le Dia go gcaithfimis saol beo beathach. Cén cur isteach ort, agus cén cur amú ama a tharlaíonn a chuirfeadh bac ort saol iomlán beo a chaitheamh de réir theagasc Íosa?

---

---

---

---